**Iarraidh ar réamhrialú ó Apelativen sad Sofia (an Bhulgáir) a taisceadh an 21 Meitheamh 2022 – UA v EUROBANK BULGARIA AD**

**(Cás C-409/22)**

(2022/C 359/45)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Apelativen sad Sofia

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir ag an gcéad chéim:* UA

*Cosantóir ag an gcéad chéim:* EUROBANK BULGARIA AD

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An ionann cumhacht aturnae faoina ndéanann an gníomhaire sócmhainní a dhiúscairt in ainm an íocóra trí ordú íocaíochta agus ionstraim íocaíochta de réir bhrí phointe 23 d'Airteagal 4 [de Threoir 2007/64/CE]? [1]

2. An bhfuil an deimhniú "apastaile" a chuireann an t-údarás iasachta inniúil ar dhoiciméad de bhun Choinbhinsiún na Háige lena gcuirtear deireadh leis an gCeangal Fíoraithe i gcás Doiciméad Poiblí Coigríche mar chuid den nós imeachta deimhnithe don ionstraim íocaíochta agus don idirbheart íocaíochta de réir bhrí phointe 19 d'Airteagal 4, i gcomhar le hAirteagal 59(1), den Treoir sin?

3. Más amhlaidh go bhfuil an ionstraim íocaíochta (lena n-áirítear ionstraim lena n-údaraítear do thríú páirtí diúscairt a dhéanamh ar son an íocóra) in ord go foirmiúil (*prima facie*), an féidir leis an gcúirt náisiúnta glacadh leis go bhfuil an t-idirbheart íocaíochta údaraithe, is é sin, gur thoiligh an t-íocóir dó a dhéanamh?

(1) Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoracha 97/7/CE, 2002/65/CE, 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE (IO 2007 L 319, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 21 Meitheamh 2022 – Thermalhotel Fontana Hotelbetriebsgesellschaft m.b.H.**

**(Cás C-411/22)**

(2022/C 359/46)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Thermalhotel Fontana Hotelbetriebsgesellschaft m.b.H.

*Údarás is cosantóir:* Bezirkshauptmannschaft Südoststeiermark

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An sochar breoiteachta de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (CE) 883/2004 [1] é cúiteamh as cailleadh tuillimh atá dlite d'fhostaithe a bhfuil COVID-19 tolgtha acu, nó a bhfuil amhras ann go bhfuil COVID-19 tolgtha acu nó a bhfuil COVID-19 gabhálach uathu, le linn dóibh a bheith ag leithlisiú, mar gheall ar an mbac a chuirtear ar a gcuid fostaíochta, atá le híoc ag an bhfostóir leis na fostaithe ar dtús, ach, ina dhiaidh sin, a dhlíonn an fostaí de Rialtas Cónaidhme na hOstaire tráth na híocaíochta?